


Ceisteanna don Údar

Éamonn Ó Ruanaí, údar Amstardam



Ceisteanna curtha ag
Rang 6
Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg
Bealtaine 2020



1. Cén contae arb as duit?

Is as Contae Mhuineacháin dom. Chaith mé 10 mbliana ag obair i mBaile Átha Cliath agus d’fhill mé abhaile ansin. Tá mé i mo chónaí amuigh faoin tuath ar fheirm bheag.

2. Cén aois tú?

Táim 55.

3. An bhfuil a lán Gaeilge agat?

Tá go leor Gaeilge agam is dócha, ach níl Gaeilge ó dhúchas agam, d’fhoghlaim mé mo chuid Gaeilge ar scoil. Is múinteoir i ngaelscoil mé le beagnach 30 bliain anois, mar sin bíonn deis agam labhairt i nGaeilge go rialta.

4. An ndeachaigh tú go Gaelscoil?

Ní dheachaigh faraor. Ní raibh a leithéid i gContae Mhuineacháin nuair a bhí mé óg. Bhí an-suim ag mo mháthair sa Ghaeilge, múinteoir a bhí inti dár ndóigh, agus bhí múinteoirí iontacha agam sa bhunscoil– ise ina measc.

5. Cén aois a bhí ort nuair a scríobh tú do chéad leabhar?

Scríobh mé mo chéad leabhar nuair a bhí mé 42.

6. Cén fáth ar thosaigh tú ag scríobh?

Chonaic mé fógra in irisleabhar ag lorg daoine chun rudaí a scríobh do scéim nua d’arbh ainm Séideán Sí. Scríobh mé gearrscéal agus sheol mé chucu é. Scríobh siad ar ais chugam ag rá gur cheap siad go bhféadfainn leabhar a dhéanamh as. Lean mé ar aghaidh leis an scéal agus chríochnaigh mé le mo chéad leabhar “Ar Thóir an Toirc Bháin”

7. An maith leath a bheith ag scríobh?

Is breá liom a bheith ag scríobh sa gheimhreadh. Ní bhím chomh ghnóthach sin ar an bhfeirm, ní féidir liom obair sa ghairdín agus bíonn na hoícheanta fada dorcha. Is aoibhinn liom nuair a réitím fadhb sa scéal, nó nuair a thagann casadh ann nach raibh mé ag siúl léi.

8. Conas a bhfuair tú an smaoineamh i gcomhair do leabhair?

De ghnáth tagann smaoineamh chugam nuair atáim amuigh ag siúl nó ag obair ar an bhfeirm, uaireanta ní cuid mhór den leabhar an chéad smaoineamh sin ach fásann an leabhar as. Thosaigh Amstardam nuair a d’inis mo dheartháir céile dom go raibh sé ag díol a charr ar líne agus nuair a bhuail sé leis an duine a bhí a cheannach thóg sé amach gunna agus ghoid sé an carr. Nuair a scríobh mé an píosa sin den scéal chuir mé an cheist orm féin “Cén fáth go raibh ar Chonchúr a charr a dhíol?” agus d’fhás an scéal as sin.

9. Cén fáth ar scríobh tú leabhar as Gaeilge?

Is dócha gur scríobh mé leabhar as Gaeilge mar gheall ar an bhfógra a bhfaca mé ag lorg ábhair as Gaeilge do Shéideán Sí. Gan an spreagadh sin seans nach scríobhfainn riamh. Anois má tá scéal agam is i nGaeilge a scríobhaim é go nadúrtha.

10. Ar chabhraigh aon duine leat an leabhar a scríobh?

Ní ligim d’éinne féachaint ar an leabhar go dtí go bhfuil sé críochnaithe agam. Léann mo bhean chéile an leabhar ansin agus éistim lena smaointí go cúramach. Bíonn eagarthóir ón nGúm ag obair ar an leabhar nuair a sheolaim chucu é chun a chinntiú go bhfuil gach rud i gceart ó thaobh an scéil, an litriú agus an ghramadaí de.

11. Ar léigh tú leabhar eile cosúil le Amstardam?

Tá an t-uafás leabhar léite agam agus is dócha go bhfuil tionchar ag gach rud atá léite agat ar do chuid scríbhneoireachta. Léigh mé an-chuid Agatha Christie agus Sir Arthur Conan Doyle (a scríobh Sherlock Holmes) nuair a bhí mé 14/15– seans go bhfuil a rian le feiceáil in Amstardam.

12. Cén post a bheadh agat mura mbeifeá i d’údar?

Is múinteoir mé, is feirmeoir mé agus is údar mé– tá an t-ádh dearg orm mar tá na postanna is ansa liom agam cheana féin.

13. Cén fáth go raibh tu ag iarraidh a bheith i d’údar?

Thaitin an léitheoireacht i gcónaí liom agus is dócha go raibh mé ag iarraidh a fháil amach an mbéinn in ann leabhar a scríobh. Bhí rang a 4+5 a mhúineadh agam ag an am agus thuig mé go raibh níos mó ábhar léitheoireachta de dhíth uathu. Nuair a thosaigh mé ag scríobh thaitin sé liom, bíonn sceitimíní orm nuair a thagann an scéal le chéile.

14. Cad as a bhfuair tú na smaointí do na carachtair?

Thosaigh mé le Conchur ag díol a chairr, agus tháinig na carachtair eile le fás an scéil. Bhí ar Mr. Smith a bheith scanrúil ionas go leanfadh Conchúr a threoracha, ach cheap mé go mbeadh sé níos scanrúla fós da mba rud é go raibh sé ciúin, “séimh”. Bhí gá leis an Scáth mar sin chun an lámh láidir agus an foréigean a chur i gcrích.

15. Ar scríobh tú aon leabhar seachas seo?

Scríobh mé roinnt gearrscéalta agus dánta do Shéideán Sí. Scríobh mé “Ar Thóir an Toirc Bháin” agus “Anansai agus Scéalta an Domhain” – scéalta béaloidis ón Aifric. Tá leabhar nua scríofa agam do rang a dó/trí faoi chailleadh a mbeidh ar fáil an bhliain seo chugainn.

16. An bhfuil carr deas agat féin?

Tá seancharr ‘05 agamsa. Níl mórán suime agam i gcarranna i ndáiríre, bíonn sé lán le huirlisí feirme de ghnáth! Ní dóigh liom go ngoidfeadh éinne é. Tá an carr deas ag mo bhean chéile agus bhí ag mo dheartháir céile!

17. Beidh Rang a 6 ag bogadh ar aghaidh go dtí an mheánscoil i Meán Fómhair, an bhfuil aon chomhairle agat dóibh?

Bí lách le gach duine, tú féin san áireamh. Ná bíodh leisce ort ceist a chur agus éist leis an bhfreagra go cúramach. Bí muiníneach asat féin, déan do dhícheall agus éireoidh go geal leat. Guím gach rath oraibh go léir.